

Dearbhú Úsáide Breosla Sholadaigh mar Amhábhar



Tá an fhoirm seo le comhlánú ag monaróirí incháilithe chun gur féidir an chéad soláthar breosla sholadaigh a fháil, saor ó cháin, lena úsáid mar amhábhar agus táirgí breosla sholadaigh a mhonarú sa Stát (féach Nótaí 1, 2 agus 4).

Sonraí an Dearbhóra (BLOCLITREACHA)	
Ainm	
Seoladh (Eircode san áireamh)	

Uimhir Tagartha Cánach:

Sonraí an tsoláthraí amhábhair breosla sholadaigh (BLOCLITREACHA)	
Ainm	
Seoladh (Eircode san áireamh)	

Uimhir Tagartha Cánach:

Sonraí an tsoláthair:

(A) Catagóir bhreosla / dáta an tsoláthair, agus (B) Áitreabh ina bhfuil breosla saor ó cháin le húsáid.

(A) Catagóir breosla agus dáta an tsoláthair (féach Nóta 3 i ndáil le soláthairtí iomadúla)				
	Gual	Brící Móna	Móin Mheilte	Móin Eile
Cainníocht (tona)				
Dáta an tSoláthair	LLMMBBBB	LLMMBBBB	LLMMBBBB	LLMMBBBB

(B) Seoladh Áitribh* (Eircode san áireamh)	
---	--

* Sa chás go bhfuil níos mó ná áitreabh amháin i gceist, tá liosta seoltaí le ceangal leis an dearbhú seo agus ba chóir “liosta ceangailte” a scríobh thall ó “Seoladh an Áitribh”.

DEARBHÚ

Dearbhaím go bhfuil an breosla soladach thuasluaite le húsáid san áitreabh a shonraítear ag (B) thuas, mar amhábhar agus táirgí breosla sholadaigh a mhonarú, taobh istigh de mhíniú Alt 79 (2) den Acht Airgeadais 2010, agus, mar a fhoráiltear dó san alt sin, féadtar iad a sholáthar saor ó Cháin Charbóin ar Bhreosla Soladach (CCBS).

Dearbhaím chomh maith mura n-úsáidtear an breosla soladach de réir fhorálacha Alt 79(2) den Acht sin, íocfaidh mé leis na Coimisinéirí Ioncaim an tsuim CCBS dlite ar an táirge a sholáthraítear. Chomh maith leis sin, glacaim le mo dhualgais clárú le haghaidh CCBS má sholáthraím an táirge breosla sholadaigh monaraithe sa Stát (féach Nóta 4).

Síniú: Síniú údaraithe (féach Nóta 5)

Ainm:
(BLOCLITREACHA)

Cáil: (féach Nóta 5)

Dáta:

Nótaí treorach ar an bhfoirm seo a chomhlánú

1. Tá an dearbhú seo le comhlánú ag monaróirí incháilithe ionas gur féidir an chéadsoláthar breosla sholadaigh saor ó cháin, a fháil lena úsáid mar amhábhhar agus táirgí breosla sholadaigh a mhonarú sa Stát. Tá leagan bunaidh den fhoirm dhearbhaithé chomhlánaithe seo le tabhairt don soláthraí breosla sholadaigh, sula ndéanfaidh an soláthraí sin aon soláthar saor ó cháin de bhreosla soladach leis an monaróir, agus go gcoinneoidh an monaróir cóip lena taispeáint do na Coimisinéirí Ioncaim agus an soláthraí de réir mar a iarrtar.
Seachas mar a fhoráiltear faoi nóta 3 thíos, ní mór an dearbhú seo a chomhlánú le haghaidh gach soláthar a fhaightear ar bhonn saor ó cháin chun críocha monaraíochta.
2. De réir an dlí CCBS (Alt 79(2) den Acht Airgeadais 2010), is éard is brí le ‘monarú’, i ndáil le táirge breosla sholadaigh, breosla soladach a athdhéanamh nó a phróiseáil chun breosla soladach a tháirgeadh a bhfuil a thréithe éagsúil leis an mbreosla soladach as a dtáirgtear é, agus folaíonn sé cnapóga agus brícíní comhfháiscthe, agus táirgí den tsamhail sin a bhfuil cruth rialta orthu agus méid rialta iontu a tháirgeadh, ach ní fholáíonn sé eastóscadh, ní, triomú, briseadh ná meilt.
3. Nuair a dhéanann an monaróir táirge breosla sholadaigh orduithe iomadúla le soláthraí breosla sholadaigh, féadfaidh sé go nglacfar le foirm dhearbhaithé cumaiscthe amháin ón soláthraí sin chun na soláthairtí iomadúla sin a chlúdach taobh istigh d’uastreimhse míosa féilire, ar an gcoinníoll go bhféadann na daoine lena mbaineann taifid tacaíochta shásúla a chur ar fáil chun na soláthairtí sin a réiteach leis an dearbhú míosúil. Sa chás go bhfuil dearbhú cumaiscthe den chineál sin á dhéanamh, ba chóir an mhí atá i gceist a chur isteach i gCuid A (Catagóir bhreosla agus dáta an tsoláthair) sa chuid “Sonraí an tsoláthair” den fhoirm dhearbhaithé.
4. Éiríonn an CCBS de bheith dlite nuair a chéadsoláthraíonn an monaróir an táirge breosla sholadaigh féin sa Stát, agus is é an ráta dleachta a bheidh i gceist ná an ráta don táirge breosla sholadaigh críochnaithe sin ag tráth an chéad soláthair sin. Tá an monaróir a dhéanann céadsoláthar an táirge breosla sholadaigh monaraithe sa Stát freagrach agus faoi dhliteanas íoc as an CCBS a ghearrtar orthu mar sholáthraí. Mar sin, ní mór don mhonaróir sin, mura bhfuil siad cláraithe cheana féin, clárú leis na Coimisinéirí Ioncaim mar sholáthraí breosla sholadaigh sa Stát.
5. Ní mór don dearbhú úsáide breosla sholadaigh mar amhábhhar a bheith sínithe ag an monaróir incháilithe nó ag duine údairithe. Ní mór don duine sin an post atá acu sa ghnó a shonrú, mar shampla rúnaí na cuideachta, stiúrthóir na cuideachta, páirtneir, srl. de réir mar is cuí.
6. I gcomhréir le Rialacháin na Cánach Carbóin ar Bhreosla Soladach, 2013, ní mór do mhonaróir taifid leordhóthanacha a choinneáil maidir le fáil agus úsáid breosla sholadaigh a sholáthraítear saor ó cháin, lena n-áirítear sonraí ar an bpróiseas monaraithe le haghaidh gach táirge breosla sholadaigh a mhonaraítear agus an tionchar atá aige ar thréithe an bhreosla sholadaigh as a dtáirgtear é, chomh maith le cóip den dearbhú a rinneadh leis an soláthraí.

Bailíonn na Coimisinéirí Ioncaim cánacha agus dleachtanna agus cuireann siad rialuithe custam i bhfeidhm. Iarrann na Coimisinéirí Ioncaim ar chustaiméirí sonraí pearsanta áirithe a sholáthar chun na gcríocha seo agus chun roinnt feidhmeanna eile reachtúla a chomhlíonadh, faoi mar a shannann an tOireachtas. Féadtar do shonraí pearsanta a mhalartú le Ranna agus gníomhaireachtaí eile Rialtais faoi chúinsí áirithe sa chás go bhforáiltear seo sa dlí. Tá sonraí iomlána faoi bheartas um chosaint sonraí na gCoimisinéirí Ioncaim ina leagtar amach an gcaoi a n-úsáidfimid do shonraí pearsanta chomh maith le eolas i ndáil le do chearta mar ábhar sonraí ar fáil ar ár leathanach **Príobháideachas** ar www.revenue.ie. Tá sonraí faoin mbeartas seo ar fáil i gcruachóip chomh maith, ach é sin a iarraidh.

Ní comhairle ghairmiúil atá sa doiciméad seo ach treoir amháin, agus níor cheart a mheas gur comhairle dhlíthiúil é ach an oiread. Níor chóir glacadh leis gur treoir chuimsitheach é, ná go dtugann sé freagra cinntitheach i ngach cás.



Revenue

Cáin agus Custaim na hÉireann
Irish Tax and Customs